


2017-2018

**DIOPLÓMA IARCHÉIME
SAN AISTRIÚCHÁN**



**LEIBHÉAL 9: AN CREAT
NÁISIÚNTA CÁILÍOCHTAÍ**

**COLÁISTE NA hÉIREANN /
GAELCHULTÚR**

RÉAMHRÁ

Bunaíodh Gaelchultúr in 2004 agus é mar aidhm ag lucht a bhunaithe an Ghaeilge agus an cultúr Gaelach a chur chun cinn i mBaile Átha Cliath agus ar fud na tíre.

Chuireamar tús le ranganna Gaeilge don phobal i gcoitinne in earrach na bliana 2005 agus ó shin i leith tá méadú mór tagtha ar líon na bhfoghlaimeoirí agus ar an réimse cúrsaí teanga atá á thairiscint againn.

Bhí sé mar sprioc againn ón tús cúrsaí creidiúnaithe a chur ar fáil agus ba chéim mhór chun tosaigh é nuair a bhaineamar stádas amach mar sholáthróir dámhachtainí ó FETAC (Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna) ag deireadh 2011. Chuireamar tús leis an gcéad sainchúrsa creidiúnaithe don earnáil phoiblí, Teastas sa Ghaeilge Ghairmiúil, i mí Dheireadh Fómhair 2012 agus tá an cúrsa sin ar fáil anois ag leibhéal 3–6 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí.

I samhradh na bliana 2013, tharla an rud is tábhachtaí agus is suntasaí i stair ghairid Gaelchultúir nuair a bhronn Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) stádas mar choláiste tríú leibhéal orainn. Lena chois sin, thug siad cead dúinn Diplóma Iarchéime san Aistriúchán a chur ar fáil ag leibhéal 9 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí.

Bhí tús curtha, mar sin, le Coláiste na hÉireann, an chéad institiúid tríú leibhéal lán-Ghaeilge.

Tá trí ghrúpa éagsúla tar éis an Diplóma Iarchéime san Aistriúchán a bhaint amach ó cuireadh tús leis agus tá an ceathrú grúpa i mbun an chláir faoi láthair.

Tá mioneoas le fáil sa bhróisiúr seo mar gheall ar an gcúrsa iarchéime seo atá á thairiscint ag Coláiste na hÉireann.

Tá súil againn go rachaidh an tionscadal nua seo de chuid Gaelchultúir i bhfeidhm ar phobal na Gaeilge, ní hamháin in Éirinn ach ar fud na cruinne, agus go n-éireoidh leis rian láidir dearfach a fhágáil ar earnáil an oideachais in Éirinn.

Éamonn Ó Dónaill, Stiúrthóir Oideachais
agus
Darren Ó Rodaigh, Stiúrthóir Tráchtála

Coláiste na hÉireann/Gaelchultúr

EOLAS GINEARÁLTA FAOIN gCÚRSA

CÉ DÓIBH AN CÚRSA SEO?

Tá an Diplóma Iarchéime san Aistriúchán dírithe orthu siúd a bhfuil scileanna maithe Gaeilge acu cheana féin ach ar mhaith leo scileanna aistriúcháin a fhoghlaim, ardchaighdeán a bhaint amach sa teanga scríofa agus scileanna praiticiúla a fhoghlaim sna réimsí sin. Tá sé oiriúnach chomh maith do dhaoine a bhíonn ag obair trí mheán na Gaeilge ar bhonn laethúil – múinteoirí agus iriseoirí, mar shampla.

AIDHMEANNA AGUS CUSPÓIRÍ

Seo iad aidhmeanna agus cuspóirí an Diplóma Iarchéime san Aistriúchán:

- oiliúint teanga ag ardleibhéal a chur ar fáil i nGaeilge chun cur leis an líon céimithe a bhfuil sainscileanna Gaeilge acu;
- teastasú a chur ar fáil do mhic léinn a bhainfidh leibhéal ard cumais amach

sa teanga scríofa, sa ghramadach agus san aistriúchán, rud a chuirfidh ar a gcumas poist a bhaint amach in earnáil an aistriúcháin, in earnáil na Gaeilge agus in earnálacha eile;

- oiliúint san aistriúchán dlíthiúil ó Bhéarla go Gaeilge a chur ar fáil, le go mbeidh na sainscileanna cuí ag dóthain daoine chun tabhairt faoi obair mar aistritheoirí Gaeilge san Aontas Eorpach;
- na scileanna teicneolaíochta a mhúineadh do mhic léinn a bheidh de dhíth orthu le feidhmiú go héifeachtach mar aistritheoirí gairmiúla;
- oiliúint a chur ar fáil do mhic léinn agus scileanna inaistrithe a mhúineadh dóibh a chabhróidh leo feidhmiú go neamhspleách ar bhonn fadtéarmach.

TORTHAÍ FOGHLAMA

Seo thíos na torthaí foghlama a bheidh i gceist i gcás na mac léinn a n-éireoidh leo an clár a chríochnú go sásúil.

- Beidh eolas cuimsitheach acu ar ghramadach na Gaeilge agus beidh ardscoilleana scríofa acu sa teanga.
- Beidh siad in ann réimse téacsanna Béarla a aistriú go Gaeilge agus beidh tuiscint mhaith acu ar na slite le téacsanna dlí a aistriú ó Bhéarla go Gaeilge.
- Beidh siad in ann a gcuid téacsanna féin agus téacsanna daoine eile a athbhreithniú.
- Beidh cur amach acu ar réimse leathan áiseanna teicneolaíochta úsáideacha a bhaineann leis an nGaeilge agus leis an aistriúchán, agus beidh siad in ann leas éifeachtach a bhaint astu.
- Beidh tuiscint acu ar theoiric an aistriúcháin.
- Beidh léargas faighte acu ar ghairm an aistritheora agus beidh tuiscint acu ar ghnéithe praiticiúla den obair sin.
- Beidh siad in ann réimse teicnící taighde agus fiosraithe a úsáid.
- Beidh siad in ann gníomhú go gairmiúil i réimse leathan ról in earnáil an aistriúcháin agus in earnáil na Gaeilge.

FAD AGUS STRUCHTÚR GINEARÁLTA AN CHÚRSA

Maireann an Dioplóma Iarchéime san Aistriúchán trí sheimeastar nó sé mhí dhéag ar fad. Tá an clár ag leibhéal 9 den Chreat Náisiúnta Cáilfóchtaí (www.nfq.ie) agus is fiú 60 creidiúint ECTS é.

Bíonn an fhoghlaim chumaisc i gceist sa chúrsa, is é sin, meascán den staidéar ar líne, de ranganna beo ar líne agus de léachtaí agus ranganna teagaisc sa seomra ranga. Bíonn na léachtaí agus na ranganna teagaisc ar siúl Satharn amháin sa mhí agus seo a leanas an clár ama a bhíonn i gceist:

Seimeastar 1

9.45am–12.15pm agus 1.15–5.00pm

Seimeastair 2 agus 3

9.30am–1.20pm agus 2.30–4.30pm

Tá na dátaí ar a mbeidh na seisiúin Sathairn ar siúl le fáil ar leathanach 7.



OBAIR AN CHÚRSA

Bíonn fáil ag na mic léinn ar chúrsaí idirghníomhacha ar shuíomh ríomhfhoghlama Ghaelchultúir, ranganna.com, agus bíonn siad in ann úsáid a bhaint as an ábhar seo agus iad ag ullmhú do na seisiúin sa seomra ranga agus do na ranganna beo ar líne. Bíonn sé úsáideach dóibh freisin agus athbhreithniú á dhéanamh acu ar obair an chúrsa.

Tugtar tascanna scríofa le déanamh do na mic léinn go rialta agus bíonn orthu na ceachtanna seo a sheoladh ar an ríomhphost chuig a dteagascóir. Cuirtear aiseolas mion ar fáil dóibh ar an ríomhphost.

Bíonn roinnt ranganna beo ar líne i gceist i ngach seimeastar freisin agus oíche Luain (idir 7pm agus 8pm/8.30pm) a bhíonn siad seo ar siúl. Tugtar níos mó eolais do na mic léinn faoi na seisiúin bheo ar líne, agus faoi gach gné d'obair an chúrsa, i dtreoirleabhar a thugtar dóibh ag tús an chéad seimeastair. Bíonn eolas sa treoirleabhar freisin maidir leis na tionscadail a bhíonn le déanamh ag na mic léinn.

IONAD

Bíonn léachtaí agus ranganna teagaisc an chúrsa ar siúl i gColáiste na hÉireann/Gaelchultúr, 11 Sráid an Chláraigh, Baile Átha Cliath 2. Tá eolas le fáil faoi shuíomh an ionaid sa rannóg 'Eolas Fúinn' ar www.gaelchultur.com.

CUR CHUIGE TEAGAISC

De bhrí nach mbíonn ach líon teoranta daoine ag tabhairt faoin Diplóma Iarchéime san Aistriúchán, bíonn sé níos fusa ag na rannpháirtithe ceisteanna a chur ar na léachtóirí agus ar na teagascóirí.

Bíonn obair bheirte agus obair ghrúpa i gceist sna léachtaí agus sna ranganna teagaisc araon agus, dá bhrí sin, bíonn deis ag na mic léinn páirt ghníomhach a ghlacadh sna seisiúin sin.

MODÚIL AN CHÚRSA

SEIMEASTAR	MODÚL	CREIDIÚINTÍ
1	Cruinneas agus Scríobh na Gaeilge 1	10 ECTS
1	Scileanna Aistriúcháin 1	5 ECTS
1	Teoiric an Aistriúcháin 1	5 ECTS
2	Cruinneas agus Scríobh na Gaeilge 2	10 ECTS
2	Scileanna Aistriúcháin 2	5 ECTS
2	Aistriúchán Dlíthiúil	5 ECTS
3	Cruinneas agus Scríobh na Gaeilge 3	10 ECTS
3	Scileanna Aistriúcháin 3	5 ECTS
3	Teoiric an Aistriúcháin 2	5 ECTS

CRUINNEAS AGUS SCRÍOBH NA GAEILGE (1, 2 AGUS 3)

Dírítear sna modúil seo ar na gnéithe is tábhachtaí agus is lárnaí de ghramadach na Gaeilge. Féachtar le cumas Gaeilge na rannpháirtithe a fheabhsú trí réimse cleachtaí gramadaí a thabhairt le déanamh dóibh ina ndírítear ar phointí deacrachta sa teanga. Cuirtear béim láidir ar shaibhreas na Gaeilge

agus ar an tábhacht a bhaineann le béarlachas a sheachaint. Dírítear ar chúrsaí poncaíochta agus ar chúrsaí eagarthóireachta chomh maith agus tugtar eolas do na mic léinn mar gheall ar na hacmhainní teicneolaíochta atá ar fáil dóibhsean a bhíonn ag scríobh na Gaeilge.



SCILEANNA AISTRIÚCHÁIN (1, 2 AGUS 3)

Is é aidhm an mhodúil seo cumas aistriúcháin na mac léinn a fhorbairt agus a fheabhsú. Cuirtear ar chumas na mac léinn déileáil go criticiúil anailiseach le fadhbanna a thagann chun cinn go minic san aistriúchán Béarla-Gaeilge, e.g. béarlagair, réim, bearnaí séimeantacha agus difríochtaí comhréire idir an dá theanga. Cuirtear béim ar an mbéarlachas agus conas é a sheachaint, agus pléitear na dúshláin a bhaineann le nuathearmaíocht na Gaeilge agus aistriú coincheap ó Bhéarla go Gaeilge. Cuirtear béim faoi leith ar intuigtheacht agus ar an tábhacht a bhaineann leis an bpobal ar a bhfuil téacs dírithe a chur san áireamh agus aistriúchán á dhéanamh.

Dírítear go príomha ar na cineálacha téacsanna is mó a aistrítear go Gaeilge i gcomhthéacsanna gairmiúla – tuarascálacha bliantúla agus scrípteanna teilifíse, cuir i gcás – ach bíonn deis ag na mic léinn triail a bhaint as réimse leathan téacsanna eile a aistriú freisin, téacsanna liteartha ina measc.

TEOIRIC AN AISTRIÚCHÁIN (1 AGUS 2)

Sa mhodúl Teoiric an Aistriúcháin 1, scrúdaítear príomhghnéithe theoiricí comhaimseartha an aistriúcháin agus pléitear na cineálacha éagsúla aistriúcháin a oireann do sheánraí éagsúla téacsanna. Dírítear ar an gcritic aistriúcháin freisin chun tuiscint níos fearr a thabhairt do na mic léinn ar cad is ‘aistriúchán maith’ nó ‘drochaistriúchán’ ann.

Tógtar ar ábhar an mhodúil thuas in Teoiric an Aistriúcháin 2, agus déanann na mic léinn tuilleadh staidéir ar an gcritic aistriúcháin agus ar theoiricí an aistriúcháin. Bíonn orthu anailís chriticiúil a dhéanamh ar chineálacha éagsúla téacsanna aistrithe i bhfianaise na dteoiricí sin féachaint cé chomh maith leo mar aistriúcháin agus mar théacsanna sprioctheanga.

Baineann na mic léinn úsáid as ábhar an dá mhodúil thuas chun tabhairt faoi thionscadal taighde – aiste chritice ar shaothair liteartha a aistriódh ó Bhéarla go Gaeilge.



AISTRIÚCHÁN DLÍTHIÚIL

Is é aidhm an mhodúil seo na mic léinn a chur ar an eolas faoin aistriúchán dlíthiúil in Éirinn agus in institiúidí an Aontais Eorpaigh. Dírítear ar na deacrachtaí a bhaineann le téacsanna den chineál seo a aistriú, ar chúrsaí réime agus stíle, ar cheisteanna bunreachtúla, ar fhasaigh, ar chinntí maidir le téarmaíocht agus ar intuigtheacht.

MODÚL ROGHNACH (gan creidiúintí ECTS):

TEICNEOLAÍOCHT AN AISTRIÚCHÁIN

Is é aidhm an mhodúil roghnaigh seo na mic léinn a chur ar an eolas mar gheall ar chuimhní aistriúcháin agus ar an úsáid a bhaintear astu in earnáil an aistriúcháin.

Múinfeadh do na mic léinn conas úsáid éifeachtach a bhaint as bunachair théarmaíochta agus as bogearraí éagsúla a chuirfidh go mór le luas agus le caighdeán a gcuid oibre. Cuirfeadh béim faoi leith sa mhodúil seo ar an gcuimhne aistriúcháin memoQ.

Freastalóidh na mic léinn ar dhá cheardlann lae, a bheidh ar siúl i lár chathair Bhaile Átha Cliath i mí an Mheithimh agus i mí Iúil 2018 (dátaí le socrú).

Seo an sceideal a bheidh ann ar an dá lá:

Seisiún 1:	10.00 – 11.30am
Sos:	11.30 – 11.45am
Seisiún 2:	11.45am – 1.00pm
Lón:	1.00 – 2.00pm
Seisiún 3:	2.00 – 3.15pm
Sos:	3.15 – 3.30pm
Seisiún 4:	3.30 – 4.30pm

Tabharfar tasc scríofa le déanamh do na mic léinn idir ceardlann 1 agus ceardlann 2 ach ní bheidh sé éigeantach an tasc seo a dhéanamh.

SCEIDEAL AGUS MEASÚNÚ

SEIMEASTAR 1	
Dé Sathairn, 23 Meán Fómhair 2017	Léachtaí
Dé Sathairn, 21 Deireadh Fómhair 2017	Léachtaí
Dé Sathairn, 11 Samhain 2017	Léachtaí
Dé Sathairn, 2 Nollaig 2017	Léachtaí
Dé hAoine, 15 Nollaig & Dé Sathairn, 16 Nollaig 2017	Scrúduithe
SEIMEASTAR 2	
Dé Sathairn, 27 Eanáir 2018	Léachtaí
Dé Sathairn, 17 Feabhra 2018	Léachtaí
Dé Sathairn, 10 Márta 2018	Léachtaí
Dé Sathairn, 21 Aibreán 2018	Léachtaí
Dé hAoine, 4 Bealtaine & Dé Sathairn, 5 Bealtaine 2018	Scrúduithe
SEIMEASTAR 3	
Dé Sathairn, 22 Meán Fómhair 2018	Léachtaí
Dé Sathairn, 20 Deireadh Fómhair 2018	Léachtaí
Dé Sathairn, 10 Samhain 2018	Léachtaí
Dé Sathairn, 1 Nollaig 2018	Léachtaí
Dé hAoine, 14 Nollaig & Dé Sathairn, 15 Nollaig 2018	Scrúduithe

SEIMEASTAR	MODÚL	MEASÚNÚ LEANÚNACH	SCRÚDÚ
1	Cruinneas agus Scríobh na Gaeilge 1	40%	60%
1	Scileanna Aistriúcháin 1	40%	60%
1	Teoiric an Aistriúcháin 1	40%	60%
2	Cruinneas agus Scríobh na Gaeilge 2	40%	60%
2	Scileanna Aistriúcháin 2	40%	60%
2	Aistriúchán Dlíthiúil	40%	60%
3	Cruinneas agus Scríobh na Gaeilge 3	40%	60%
3	Scileanna Aistriúcháin 3	40%	60%
3	Teoiric an Aistriúcháin 2	70%	30%

FOIREANN TEAGAISC AN CHLÁIR



ÉAMONN
Ó DÓNAILL

Is as Gaeltacht Ghaoth Dobhair ó dhúchas é Éamonn Ó Dónaill. Chaith sé sé bliana (1996-2002) ag obair mar Stiúirthóir ar an Teanglann i Roinn na Nua-Ghaeilge, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, agus d'oibrigh sé mar chomhairleoir teanga ina dhiaidh sin.

Bhí Éamonn ina chomhordaitheoir teanga ar dhá shraith theilifíse d'fhoghlaimoirí Gaeilge go dtí seo: *Turas Teanga*, a craoladh ar RTÉ in 2004, agus *Now You're Talking*, a craoladh ar RTÉ agus ar an BBC i 1995. Scríobh sé an dá leabhar a bhí ag dul leis na sraitheanna sin chomh maith.

Is iad *Gaeilge gan Stró! – Lower Intermediate Level* (2009), *Gaeilge gan Stró! – Beginners Level* (2011) agus *Gramadach gan Stró!* (2016) na leabhair is deireanaí uaidh.

Tá Éamonn ag feidhmiú mar Stiúirthóir Oideachais Ghaelchultúir ó bhí 2005 ann.



AODH
Ó GALLCHÓIR

Is as Gort an Choirce i nGaeltacht Thír Chonaill é Aodh Ó Gallchóir. D'fhreastail sé ar Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, áit ar bhain sé amach bunchéim sa Ghaeilge agus sa Tíreolaíocht in 2007 agus céim mháistir sa Nua-Ghaeilge in 2008. Tá Dioplóma Gairmiúil san Oideachas aige fosta ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.

Chaith Aodh tréimhsí ag obair mar eagarthóir cúnta le Cló Iar-Chonnacht agus leis an nGúm, chomh maith le bheith ag obair mar shaoraistritheoir, mar chomhairleoir teanga do chláir éagsúla theilifíse agus mar aistritheoir don Fhoclóir Nua Béarla-Gaeilge.

Tá sé tar éis eagarthóireacht a dhéanamh ar fhoilseacháin éagsúla de chuid Ghaelchultúir, *Gníomhaíochtaí Gasta* (2013) agus eagrán 3 de *Gramadach gan Stró!* (2013) ina measc.

Tá Aodh ag feidhmiú mar Bhainisteoir Sainchúrsaí le Gaelchultúr ó bhí Meán Fómhair 2012 ann.



RÓISÍN ADAMS

Is as Port Laoise ó dhúchas do Róisín Adams. Bhain sí bunchéim amach sa Ghaeilge agus i Litríocht an Bhéarla ó Choláiste na Tríonóide in 2011, agus bhronn an institiúid chéanna dochtúireacht uirthi in 2015. Ba é an réimse taighde a bhí aici agus í i mbun na dochtúireachta ná forbairt litríocht Ghaeilge na n-óg idir 1926 agus 1967.

Bhí Róisín ina comheagarthóir ar an gnuasach aistí *Thar an Tairseach: Aistí ar Litríocht agus ar Chultúr na nÓg*, a d'fhoilsigh LeabhairCOMHAR in 2014, agus ba í a bhí mar eagarthóir ar eagrán 4 de *Gramadach gan Stró!* (2016).

Tá tréimhsí caite ag Róisín ag múineadh i gColáiste na Tríonóide, i gColáiste Phádraig agus i nGaelchultúr. Thosaigh sí ag obair go páirtaimseartha le Gaelchultúr i mí Lúnasa 2015 agus ceapadh ina Bainisteoir Forbartha Curaclaim í i mí Iúil 2016.

ANTAIN MAG SHAMHRÁIN

Is as Contae Dhoire ó dhúchas d'Antain Mag Shamhráin. Bhain sé bunchéim agus iarchéim amach in Ollscoil Nua Uladh i gCúil Raithin agus d'fhoilsigh an Clóchomhar a thráchtas M.Phil. faoin teideal *Litríocht, Léitheoireacht, Critic* sa bhliain 1986. Bhí sé ar dhuine de chomheagarthóirí an irisleabhair bhliantúil *Oghma* idir 1989 agus 1998.

Tá Antain fostaithe mar Bhainisteoir Sheirbhís an Aistriúcháin ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit ó bhí 2005 ann. Roimhe sin, chaith sé cúig bliana is fiche ar fhoireann eagarthóireachta an Ghúim.

JULIE O'FARRELL

Is aistritheoir í Julie O'Farrell le Rannóg an Aistriúcháin i Seirbhís Thithe an Oireachtais. Roimhe sin, d'oibrigh sí le Fiontar ar na tionscadail taighde téarmaolaíochta éagsúla, an tionscadal dlí go príomha.

Tá MA san Aistriúchán Reachtaíochta agus Dlí aici ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, mar aon le cáilíochtaí eile amhail dioplómaí sa Fhraincis, san Iodáilis, teastas i Múineadh na Gaeilge d'Aosaigh, agus an Séala Creidiúnaithe d'Aistritheoirí.

Tá sí i mbun Ard-Dioplóma ar an reachtaíocht a dhréachtú faoi láthair. D'oibrigh Julie ar an athbhreithniú is déanaí ar an gCaighdeán Oifigiúil, a cuireadh i gcrích in 2016.

FÉILIM BORLAND

Tá tréimhsí caite ag Féilim Borland ag obair mar aistritheoir agus mar bhainisteoir ar thionscadail aistriúcháin leis an gcomhlacht bogearraí SAP agus leis an gcomhlacht idirnáisiúnta logánaithe Lionbridge. Tá MA sa Ghaeilge aige ó Choláiste Phádraig i nDroim Conrach agus tá sé i mbun Dioplóma sa Phleanáil agus Buanú Teanga in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge faoi láthair.

Ó bhí Márta 2017 ann, tá Féilim ag obair mar aistritheoir leis na Coimisinéirí Ioncain i gcathair na Gaillimhe.

RIACHTANAIS IONTRÁLA

BUNCHÉIM / CAIGHDEÁN

BÉARLA

Ní mór dóibh siúd a chuirfidh iarratas isteach ar an gcúrsa:

(1) bunchéim sa Ghaeilge a bheith acu, nó a chomhionann (e.g. B.Ed.), ag leibhéal 8 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí

nó

bunchéim a bheith acu i ndisciplín eile ag leibhéal 8 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí;

(2) ar a laghad grád B (gnáthleibhéal) nó grád D (ardleibhéal) a bheith acu sa Bhéarla ag leibhéal na hArdeistiméireachta nó a chomhionann.

Nóta: Beidh ar iarratasóirí a n-éireoidh leo áit a bhaint amach ar an gcúrsa seo tras-scríbhinn dá gcuid torthaí sa bhunchéim a chur ar fáil.

SCRÚDÚ IONTRÁLA /

BÉALTRIAIL

Beidh ar gach iarratasóir tabhairt faoi scrúdú iontrála chun a oiriúnacht don chlár a léiriú. Beidh idir aistriúchán agus ghramadach i gceist sa scrúdú scríofa seo agus beidh rogha idir dhá dháta éagsúla acusan ar mian leo é a dhéanamh: Dé Sathairn, 8 Iúil 2017 nó Dé Sathairn, 2 Meán Fómhair 2017 (2.00–4.00pm ar an dá dháta).

Tábhachtach: De bhrí nach bhfuil ach 15 áit ar fáil ar an gcúrsa, d'fhéadfadh buntáiste a bheith acusan a dhéanfadh an scrúdú iontrála i mí Iúil.

Tá páipéar scrúdaithe samplach le fáil ag www.gaelchultur.com/disa.

Nóta: Ní gá dóibhsean ar éirigh leo pas a fháil i scrúdú ceann cúrsa an Diachúrsa Ullmhúcháin i gCruinneas na Gaeilge an scrúdú iontrála seo a dhéanamh. Más mian leo marc níos airde a bhaint amach ná mar a fuair siad sa scrúdú ceann cúrsa, áfach, beidh fáilte rompu an scrúdú iontrála a dhéanamh.

D'fhéadfaí agallamh a chur ar iarratasóirí mar chuid den phróiseas iontrála.

CINNEADH MAIDIR LE

hÁITEANNA

Cuirfear na nithe seo a leanas san áireamh agus cinneadh á dhéanamh maidir leis na hiarratasóirí a mbronnfar áit ar an gcúrsa orthu:

- cáilíochtaí acadúla
- freagraí ar an bhfoirm iarratais
- toradh sa scrúdú iontrála
- toradh san agallamh má bhíonn a leithéid i gceist.

SPRIODHÁTAÍ D'IARRATAIS

Tá dhá spriodhata ann d'iarratais i gcás chúrsa 2017–2018: Déardaoin, 29 Meitheamh 2017 nó Dé hAoine, 25 Lúnasa 2017.

TÁILLÍ TEAGAISC

€1,495 in aghaidh an tseimeastair (€4,485 san iomlán) an táille a bheidh le hóc ag rannpháirtithe an chúrsa. Tá faoiseamh cánach le fáil ó na Coimisinéirí Ioncaim (www.revenue.ie) i gcás táillí dá leithéid.

SCOLÁIREACHT

Gach bliain, cuirtear scoláireacht (is é sin, an cúrsa ar fad saor ó tháillí) ar fáil do dhuine amháin de na mic léinn a bhaineann áit amach ar an gcúrsa. Tá an fhoirm don scoláireacht le fáil san áit seo a leanas ar líne: www.gaelchultur.com / Iarchéim / Scoláireacht

Ba cheart an fhoirm chomhlánaithe a sheoladh chuig eolas@gaelchultur.com nó í a chur sa phost chuig Coláiste na hÉireann/Gaelchultúr, 11 Sráid an Chláraigh, Baile Átha Cliath 2 faoi 5pm ar an 7 Meán Fómhair 2017.

Cuirfear na hiarrthóirí ar an eolas ar an 11 Meán Fómhair maidir leis an té a bhfuil sé i gceist an scoláireacht a bhronnadh air/uirthi.

TEISTIMÉIREACHTAÍ



Máiréad Ní Dhubhghaill Bric

“Bhí cúrsa ina mbeadh an bhéim ar chruinneas gramadaí agus ar Ghaeilge nádúrtha, dhúchasach a scríobh á lorg agam le blianta beaga anuas agus is é sin go díreach a cuireadh ar fáil sa Diplóma Iarchéime san Aistriúchán. D’éirigh liom leibhéal níos airde cruinnis a bhaint amach agus cé go raibh dúshlán ar leith ag baint leis an gcúrsa, b’fhíú go mór an dua a chaitheamh leis. Chuir an meascán de léachtaí sa seomra ranga, seisiúin bheo ar líne agus staidéar neamhspleách ar ranganna.com ar mo chumas tabhairt faoin Diplóma, in ainneoin cónaí a bheith orm i gCorca Dhuibhne, Contae Chiarraí. Ní bheadh aon leisce orm an cúrsa seo a mholadh go láidir do dhaoine.”



Siobhán McNamara

“Bhí an-chuid oibre i gceist leis an gcúrsa seo, ach níl aiféala ar bith orm go ndearna mé é. Bhí na ranganna agus na tionscadail dúshlánach agus suimiúil, agus chuir mé go mór le mo chuid scileanna teanga, aistriúcháin agus eagarthóireachta. Bhuaíl mé le cairde nua ó gach cearn den tír. A bhuí leis na scileanna a d’fhoghlaim mé ar an Diplóma Iarchéime, bhain mé post nua páirtaimseartha amach mar eagarthóir Gaeilge ar an irisleabhar *Imis*.”

DÁTAÍ TÁBHACHTACHA

Seisiún eolais maidir leis an Diplóma Iarchéime san Aistriúchán:	12.00-1.00pm, Dé Sathairn, 20 Bealtaine 2017 6.00-7.00pm, Dé Máirt, 22 Lúnasa 2017 12.00-1.00pm, Dé Sathairn, 26 Lúnasa 2017 Ionad: Coláiste na hÉireann/Gaelchultúr, 11 Sráid an Chláraigh, Baile Átha Cliath 2
Spriocdháta d'iarraitais:	Déardaoin, 29 Meitheamh 2017 (Babhta 1) nó Dé hAoine, 25 Lúnasa 2017 (Babhta 2)
Scrúdú iontrála:	Dé Sathairn, 8 Iúil 2017 (Babhta 1) nó Dé Sathairn, 2 Meán Fómhair 2017 (Babhta 2) (2.00-4.00pm ar an dá dháta) Ionad: Coláiste na hÉireann/Gaelchultúr, 11 Sráid an Chláraigh, Baile Átha Cliath 2
Tairiscintí á seoladh chuig iarratasóirí ar an ríomhphost:	Dé Máirt, 11 Iúil 2017 (Babhta 1) Dé Máirt, 5 Meán Fómhair 2017 (Babhta 2)
Tús an chúrsa:	10.00am, Dé Sathairn, 23 Meán Fómhair 2017 Ionad: Coláiste na hÉireann/Gaelchultúr, 11 Sráid an Chláraigh, Baile Átha Cliath 2

BREIS EOLAIS

Tá breis eolais le fáil faoin Diplóma Iarchéime san Aistriúchán ó:

Coláiste na hÉireann/Gaelchultúr
11 Sráid an Chláraigh
Baile Átha Cliath 2

Guthán: (01) 484 5220
Ríomhphost: eolas@gaelchultur.com
Suíomh gréasáin: www.gaelchultur.com

FOIRM IARRATAIS

Ní mór don fhoirm iarratais seo a bheith faighte ag Coláiste na hÉireann/
Gaelchultúr ag an seoladh thíos faoi:

DÉARDAOIN, 29 MEITHEAMH 2017 (BABHTA 1)

DÉ HAOINE, 25 LÚNASA 2017 (BABHTA 2)

AINM & SLOINNE:

SEOLADH:

UIMHIR

GHUTHÁIN:

RÍOMHPHOST:

DÁTA BREITHE:

SAORÁNACHT:

CÉN ÁIT AR CHUALA TÚ FAOIN gCÚRSA SEO?

SCILEANNA

RÍOMHAIREACHTA:

AN-MHAITH

RÉASÚNTA MAITH

LAG

Microsoft Word
(nó a chomhionann)

Brabhsáilthe éagsúla
(e.g. Internet Explorer)

Ríomhphost

CÉN FÁTH AR MHAITH LEAT AN CÚRSA SEO A DHÉANAMH?

.....

.....

.....

.....

.....

.....

FOIRM IARRATAIS (AR LEAN.)

CÁILÍOCHTAÍ ACADÚLA

Teideal, leibhéal, institiúid, bliain, toradh agus ábha(i)r

Large white rectangular area with horizontal dotted lines for writing the title, level, institution, year, subject, and course.

TAITHÍ GHAIRMIÚIL AGUS TAITHÍ EILE

Large white rectangular area with horizontal dotted lines for writing about work experience and other activities.

Is féidir leathanach sa bhreis a chur leis an bhfoirm seo, más gá.

SÍNIÚ:

DÁTA:

Seol an foirm chomhlánaithe seo chuig:

Coláiste na hÉireann/Gaelchultúr, 11 Sráid an Chláraigh, BÁC 2, D02 TD34